


LÁ NA DTORTHAÍ 2021 CAD É AN CHÉAD RUD EILE?



Beidh torthaí scrúdaithe Shamhradh 2021 ann roimh i bhfad. Tá ár ndaltaí le moladh as teacht chomh fada seo, i ndiaidh bliain dhúshlánach eile.

Seo iad freagraí ar chuid de na ceistanna a d'fhéadfadh bheith agat nuair a fhaigheann tú do thorthaí.

? Má tá mé míshásta le mo thorthaí, cad é is féidir liom a dhéanamh?

Ba chóir duit labhairt le do scoil nó do choláiste ar dtús. Tabharfaidh siad comhairle duit faoi do chéad chéimeanna eile agus faoi Sheirbhís Iar-Thorthaí CCEA atá saor in aisce.

Tabhair cuairt ar ár rannán gréasáin ar leith don tSeirbhís Iar-Thorthaí ag www.ccea.org.uk/summer-2021/post-results-service le tuilleadh eolais a fháil.

Beidh líne chuidithe torthaí CCEA, **028 9026 1220**, oscailte do dhaltaí ó Dé Luain 10 Lúnasa go Dé hAoine 20 Lúnasa 2021. Beidh an líne chuidithe oscailte ó 8.30am ar lá na dtorthaí A-leibhéil, Dé Máirt 10 Lúnasa. Beidh an líne chuidithe oscailte 9am–5pm ó Dé Céadaoin 11 Lúnasa ar aghaidh.

? Ní bhfuair mé áit ar mo rogha chúrsa; cad é na roghanna atá agam?

Má tá tú ag fanacht ar thorthaí A-leibhéil agus ní leor an grád a fhaigheann tú leis an tairiscint ón ollscoil a shásamh, ná bíodh imní ort – tá rudaí ann is féidir leat a dhéanamh. Is féidir leat:

- » labhairt le do scoil nó do choláiste;
- » teagmháil a dhéanamh le UCAS Track Service ar www.ucas.com nó UCAS/Líne Chuidithe Torthaí Scrúdaithe ar **0371 468 0468**; agus
- » cuairt a thabhairt ar www.nidirect.gov.uk/news/help-and-support-students-and-parents-results-time.

? Cad é eile atá ar tairiscint agus cá háit ar féidir liom amharc faoi choinne tacaíochta?

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Gairmeacha TÉ Díreach trí scairt a chur ar **0300 200 7820** nó trí chomhrá gréasáin ag www.nidirect.gov.uk/contacts/careers-service

Tá tionscnamh úr seolta ag Ollscoileanna agus Coláistí Breisoideachais (FE) Thuaisceart Éireann a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go gcurtear fágálaithe scoile ar an eolas faoi réimse iomlán na roghanna ardoideachais atá ar fáil go háitiúil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

Suíomh gréasáin Ollscoil na Barríona Béal Feirste -

www.qub.ac.uk/Study/Undergraduate/routes-to-university

Suíomh gréasáin Ollscoil Uladh - www.ulster.ac.uk/study/routes-to-university

Coláistí Breisoideachais (FE) Thuaisceart Éireann

- » [Belfast Metropolitan College](#)
- » [CAFRE \(College of Agriculture, Food and Rural Enterprise\)](#)
- » [Northern Regional College](#)
- » [North West Regional College](#)
- » [South Eastern Regional College](#)
- » [Southern Regional College](#)
- » [South West College](#)

Is féidir leat roinnt náisc úsáideacha a bhaineann le sláinte mheabhrach agus folláine a fháil fosta ar ár suíomh gréasáin ag www.ccea.org.uk/summer-2021/mental-health-wellbeing, agus is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Líne Chuidithe CCEA trí ríomhphost a sheoladh chuig helpline@ccea.org.uk nó trí scairt a chur ar **028 9026 1220**.



Le tuilleadh treorach agus eolais a fháil maidir le Lá na dTorthaí 2021, tabhair cuairt le do thoil ar ár rannán ar leith, Summer 2021 Awarding: www.ccea.org.uk/summer-2021